




Samhail Athmhachnaimh Rolfe



Arna curtha in oiriúint ó: Rolfe, G., Freshwater, D., Jasper, M. (2001)



Molann Rolfe et al. (2001) sraith ceistanna a d'fhéadfadh eascairt as na trí cinn tosaigh:

Cad é? Cad a chiallaíonn sé sin dár scoil? Anois céard?

Is féidir an tsamhail athmhachnaimh seo a úsáid chun smaointeoireacht a fheabhsú trí phríomhghnéithe staidé nó tarlaithe a bhriseadh síos chun tuiscint níos fearr a fháil orthu:

1. Cad é?

Baineann an ghné seo den timthriall le cur síos a dhéanamh ar an teagmhas nó ar an tarlú atá á léiriú agus féinfheasacht an duine ina leith féin a shainmhíniú. Tosaíonn gach ceist sa roinn seo le 'cad é?'

Cad é:

- An cheist / an fhadhb?
- An ról a bhí agam sa staid atá ag forbairt ar a bhfuiltear ag athmhachnamh?
- A bhí mé ag iarraidh a bhaint amach?
- Na bearta a bhí á ndéanamh chun é sin a bhaint amach?
- Na freagraí a bhí ag daoine eile?
- Na torthaí a bhí ann don fhoghlaimoir/do na foghlaimoirí?
- Na torthaí a bhí ann domsa?
- Na torthaí a bhí ann do dhaoine eile?
- Na mothúcháin a spreagadh sa scoláire/sna scoláirí?
- A bhí dearfach faoin taithí?
- A bhí diúltach faoin taithí?
- A d'fhéadfaí a fheabhsú?



2. Mar sin de cad é?

Déanann an ghné seo de thimthriall Rolfe anailís ar an gcás a mbítear ag machnamh air agus tosaíonn sé ag déanamh meastóireachtaí ar na cúinsí a bhfuiltear ag tabhairt fúthu. Tosaíonn gach ceist sa roinn seo le 'mar sin de cad é?':

Mar sin de cad é:

- Atá tábhachtach faoi seo?
- An t-eolas eile atá de dhíth orm faoi seo?
- Iad na cuir chuige eile a d'fhéadfainn a thriail?
- A d'fhéadfainn a dhéanamh ar bhealach difriúil?
- A d'fhoghlaim mé mar gheall air seo?
- Na ceisteanna a tháinig chun solais mar gheall ar an gcás seo?

3. Anois cad é?

Is í seo an ghné de thimthriall Rolfe a bhaineann le faisnéis agus léargas a shintéisiú, agus muid ag bogadh ó na gnéithe roimhe seo chun smaoineamh níos doimhne faoi cad é a ba cheart a dhéanamh ar bhealach difriúil amach anseo (nó b'fhéidir, má tá sé níos oiriúnaí leanúint den chur chuige roimhe seo) agus mar sin a bheith ullamh don mhéid a d'fhéadfaí a dhéanamh má thagann cásanna den chineál céanna chun tosaigh arís. Tosaíonn gach ceist sa ghné seo le 'anois cad é?':

Anois cad é:

- A d'fhéadfainn a dhéanamh?
- Is gá dom a dhéanamh?
- A ba cheart dom a iarraidh ar dhaoine eile chun cabhrú liom?
- Is gá dom a sheachaint amach anseo?
- A d'fhoghlaim mé?
- A aithneoidh mé roimh ré?
- Na ceisteanna níos leithne a ba chóir a chur san áireamh má tá sraith nua beart le déanamh?
- Na breithnithe níos leithne a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu?

Tugtar faoi deara nach bhfuil sna ceisteanna seo a leanas ach moltaí agus b'fhéidir nach mbeadh siad oiriúnach do gach cás. Mar sin féin, d'fhéadfadh ceisteanna nua a bheith mar chuid den phróiseas machnaimh. Bealach amháin chun na ceisteanna seo a úsáid, is ea iad a choinneáil mar bhileog thagartha. Cé go bhfuil sé éasca cuimhneamh ar na trí príomhcheisteanna, is féidir na ceisteanna leantacha a shábháil lena n-úsáid amach anseo.